C/2025/467

17.1.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Eanáir 2025

maidir le foilsiú iarratais ar chlárú an ainm 'Miel de Asturias' (TGFC) de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/467)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), chuir an Spáinn iarratas ar chlárú an ainm 'Miel de Asturias' (TGFC) faoi bhráid an Choimisiúin (Uimh. AE: PGI-ES-02777 — 10.6.2021) i gcomhréir le hAirteagal 49(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarratas sin agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.

(3) Chun go bhféadfar freasúraí a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90(2) den Rialachán sin, an doiciméad aonair agus tagairt foilseacháin na sonraíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le haghaidh an ainm 'Miel de Asturias', ba cheart iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Ós rud é nach raibh an tagairt cheart d'fhoilseachán na sonraíochta san iarratas a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh *C*, C/2024/4791 an 31.7.2024, ní mór an t-iarratas a athfhoilsiú,

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Foilseofar an doiciméad aonair agus an tagairt d'fhoilseachán na sonraíochta táirge dá dtagraítear in Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le haghaidh an ainm 'Miel de Asturias' (TGFC) (Uimh. AE: PGI-ES-02777 — 10.6.2021) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, feidhmeofar an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne na cosanta atá beartaithe laistigh de 3 mhí ón dáta foilsithe dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo.

Aisghairtear an foilsiú a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C, C/2024/4791 an 31.7.2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD AONAIR

'Miel de Asturias'

Uimh. AE: PGI-ES-02777 — 10.6.2021

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

'Miel de Asturias'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.4. Táirgí eile de bhunadh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is éard atá sa tásc geografach faoi chosaint (TGFC) 'Miel de Asturias' mil a dhéantar go heisiach in Asturias ó fhlóra agus plandaí a fhaightear sa réigiún sin, a bhfuil na saintréithe a liostaítear sa tsonraíocht táirge aici, agus a chomhlíonann na ceanglais a bhunaítear sa tsonraíocht agus sa reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Tá dath ómrach ar Miel de Asturias (atá idir dath ómra éadrom agus ómra an-dorcha), tá dea-bholaithe agus blas an-domhain agus dian uirthi, agus tá a huigeacht dlúth mar gheall ar a cion taise íseal.

CINEÁLACHA MEALA

Ar bhonn a saintréithe orgánaileipteacha agus fisiceacha/ceimiceacha agus a bunús luibheolaíoch, is féidir 'Miel de Asturias' a roinnt sna catagóirí seo a leanas:

— Mil ilbhláthanna: níl na saintréithe sonracha a bhaineann le speiceas aonair planda ceannasach. Ina ionad sin, tá meascán de chineálacha éagsúla plandaí ann, rud a fhágann go bhfuil mil tipiciúil i limistéar áirithe:

  — ·mil foraoise

  — mil chósta

  — mil shléibhe

— Mil aonbhlátha: mil inarb iad saintréithe aon speicis áirithe plandaí amháin na saintréithe is mó atá acu, agus a bhfuil na saintréithe orgánaileipteacha, fisiceacha/ceimiceacha agus meileasapailineolaíocha acu atá bunaithe sa doiciméad seo:

  — mil darach

  — ·mil eocalaipe

  — ·mil castáin

  — ·mil fraoigh

  — mil fraoigh mhóir

  — ·mil caithne

Saintréithe na gcineálacha meala

1. Saintréithe fisiceacha/ceimiceacha atá i gcoiteann ag na cineálacha uile meala

   Taise: méid uasta 18,5 % (seachas mil caithne, ar féidir leibhéil taise suas le 20 % a bheith aici, agus mil fraoigh mhóir, ar féidir a leibhéil taise 23 % a bhaint amach).

   Hiodrocsaimeitiolfúrfúral: ≤ 30 mg/kg don tseilfré tráchtála ina iomláine

2. Saintréithe meileasapailineolaíocha is coiteann do na cineálacha uile meala

   Speictream phailin na meala a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint 'Miel de Asturias', ní mór é a bheith comhfhreagrach do fhlóra Asturias, arb iad seo a leanas is mó atá ann – ag brath ar an limistéar agus ar an séasúr: Arbutus unedo, Calluna vulgaris, Castanea sativa, Crataegus monogyna, Cytisus sp., Daboecia cantabrica, Erica arborea, Erica australis, Erica cinerea, Erica mackaiana, Erica umbellata, Erica vagans, Eryngium bourgatii, Eucalyptus sp., Genista sp., Ligustrum sp., Malus sp., Prunus sp., Quercus sp., Robinia preudocacia, Rubus ulmifolius, Taraxacum officinale, Trifolium repens.

3. Saintréithe orgánaileipteacha na gcineálacha meala uile: ní mór dóibh a bheith saor ó lochtanna céadfacha.

4. Saintréithe fisiceacha/ceimiceacha, meileasapailineolaíocha agus orgánaileipteacha sonracha

   Chomh maith leis na saintréithe coiteanna a leagtar amach thuas, ní mór do gach cineál meala roinnt ceanglas sonrach breise a chomhlíonadh.

SAINTRÉITHE BREISE

	Fisiceach/Ceimiceach		Meileasapailineolaíoch	Orgánaileipteach		
An cineál meala	Seoltacht	Dath (Pfund)	Cion pailine (%)	Boladh	Boladh agus blas	Dath
Foraois	≥ 0,8	≥ 90	Mil drúchtín meala (eilimintí drúchtín meala) agus pailin ó réimse plandaí milmheara Asturias, lena n-áirítear *Erica* sp. agus *Castanea sativa*.	Cineál braiche, ach blas adhmadach agus créúil freisin a thugann crainn castáin agus húmas i gcuimhne	Beagán blasta, agus seirbhe láidir, leanúnach agus blúire beag géire	Ómra dorcha agus imireacha dubha donna lonracha
Cósta	≤ 0,8	45-85	Cuimsíonn a comhdhéanamh pailin ó phlandaí milmheara an chósta agus na ngleannta agus abhantracha íochtaracha aibhneacha Asturias. Comhfhreagraíonn an speictream iomlán pailine do fhlóra an limistéir, lena n-áirítear: *Eucalyptus* sp., *Quercus* sp., *Salix alba, Malus* sp., *Centaurea debeauxii, Ligustrum* sp., *Lotus corniculatus, Rubus* sp., *Trifolium repens*.	Úr agus cuirtear eocalaip i gcuimhne	Milis agus beagán géarbhlasta	Dath idir ómra agus ómra éadrom

	Fisiceach/Ceimiceach		Meileasapailineolaíoch	Orgánaileipteach		
An cineál meala	Seoltacht	Dath (Pfund)	Cion pailine (%)	Boladh	Boladh agus blas	Dath
Sliabh	≤ 0,8	≥80	An dá chineál pailine is mó a fhaightear i sléibhte Asturias – fraoch (*Erica* sp.) agus castán (*Castanea sativa*) – ní mór gurb iad le chéile níos mó ná 70 % den phróifíl fhoriomlán	Adhmadach agus créúil i gcomhar le dea-bholaithe bláthacha	Beagán blasta, agus seirbhe láidir, leanúnach agus blúire beag géire	Ómra
Dair	≥ 0,8	≥ 90	Mil drúchtín meala darach, in éineacht le céatadán de phailin ó speicis shainiúla d'fhinte *Fagaceae*, *Ericaceae*, *Cistaceae* agus *Rosaceae*	Comhpháirt ghlan bhraiche	Blasanna glana blasta	Dath ómra an-dorcha agus imireacha dubha donna lonracha
Eocalaip	≤ 0,8	≤ 95	≥ 70 % *Eucalyptus* sp.	Boladh adhmaid thais	Dea-bholadh ais-sróine balsamach, blas milis ar a bhfuil blúirín beag géire	Dath ómra éadrom agus imireacha scothghlasa donna
Castán	≥ 0,8	≥75	≥ 70 % *Castanea sativa*	Dea-bholadh cothaitheach, adhmadach, nach bhfuil dian ná seasmhach go háirithe (seasmhacht idir meán agus íseal)	Comhpháirt-eanna blasta agus searbha	Dath ómra dorcha, agus imireacha scothghlasa donna uaireanta
Fraoch	≤ 0,8	≥95	≥ 38 % *Erica* sp. ó na speicis fraoigh éagsúla a fhaightear in Asturias	Bláthach, dian agus seasmhach, agus bolaithe créúla a chuireann coillte an fhómhair i gcuimhne	Blúiríní caramail	Dath ómra an-dorcha agus imireacha scothdh-earga
Fraoch mór	≤ 0,8	≥80	≥ 8 % Calluna vulgaris	Bláthach, dian agus seasmhach, bolaithe créúla agus húmais	Milis, agus blasanna glana searbha agus blasta. Mothú béil geilitíneach mar gheall ar a airíonna ticseatrópacha	Dath ómra, imireacha scothdh-earga donna agus dromchla rocach

	Fisiceach/Ceimiceach		Meileasapailineolaíoch	Orgánaileipteach		
An cineál meala	Seoltacht	Dath (Pfund)	Cion pailine (%)	Boladh	Boladh agus blas	Dath
Caithne	≤ 0,8	≥80	≥ 8 % *Arbutus unedo*	Bláthach agus blúiríní húmais, duilleog tite agus muisiriúin fiáin	An-searbh agus blasanna blasta	Ómra

Féadfaidh an tásc geografach faoi chosaint 'Miel de Asturias' a bheith ar mhil ó bheachlanna atá suite in Asturias má léirítear leis na saintréithe ginearálta fisiceacha/ceimiceacha, meileasapailineolaíocha agus orgánaileipteacha ar a dtugtar tuairisc orthu thuas.

Féadfar Miel de Asturias a aicmiú mar chineál áirithe meala má léiríonn sí, chomh maith leis na saintréithe ginearálta, saintréithe sonracha breise gach ceann de na cineálacha meala atá sainithe.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim den táirgeadh agus den eastóscadh a dhéanamh sa limistéar faoi chosaint: díchaidhpeáil na gcíor, eastóscadh (lártheifneoiriú nó scinceáil), scagadh agus scinceáil.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an phacáistíocht a theorannú don limistéar seo chun saintréithe agus cáilíocht Miel de Asturias a chaomhnú, lena gcuirtear cosc ar an lagú (éilliú, dea-bholaithe aisteacha, bolaithe eachtracha, etc.) agus caillteanas cáilíochta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an mil a iompar i riocht neamhphacáistithe, agus chun rialú níos éifeachtaí a áirithiú freisin. Chun aon cheann de na héifeachtaí díobhálacha sin a chosc, níor cheart an mhil a dhíol i mbulc.

Ní mór an táirge a phacáistiú ag saoráidí atá liostaithe i gclár an chomhlachta rialaithe agus, dá bhrí sin, atá lonnaithe laistigh den limistéar geografach sainithe.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chomh maith leis an bhfaisnéis shainordaitheach, ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid táirgí:

— na focail 'Miel de Asturias'

— an cineál meala de réir a saintréithe (más infheidhme)

— uimhir rialaithe uathúil

— an lógó sonrach TGFC.













Eochair

TINTA = AON DATH AMHÁIN

NEGATIVO = DUBH AGUS BÁN

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is ionann críoch riaracháin iomlán Phobal Féinrialaitheach Asturias agus limistéar táirgthe meala TGFC 'Miel de Asturias'.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá cáilíocht agus saintréithe sonracha ag Miel de Asturias (a dath idir ómra éadrom agus ómra an-dorcha, deabholaithe agus blas an-domhain agus dian, agus uigeacht dhlúth de bharr a cion taise íseal) mar gheall ar na tosca nádúrtha agus daonna a fhaightear sa limistéar geografach ina dtáirgtear agus ina eastósctar an mhil.

TOSCA NÁDÚRTHA:

Is réigiún de chuid thuaisceart na Spáinne é Asturias, áit ina dtagann roinnt tírghnéithe móra le chéile i limistéar beag. Ní hamháin go ndéantar leis na tírghnéithe sin, Sléibhte Cantabracha go háirithe, críochú ar theorainn riaracháin an réigiúin ach scarann siad réigiún na Meánmhara ó réigiún Euro-Shibéarach freisin i dtéarmaí geografacha agus aeráide.

Ina theannta sin, is ithreacha siliciúla iad ithreacha an réigiúin atá lag ó thaobh cothaitheach de den chuid is mó, agus tá roinnt limistéar cailcreach ann. Tá an tír-raon éagothrom, le hairdí ó leibhéal na mara go 1 000-2 600 méadar, agus is tipiciúil an aeráid i réigiún na hEorpa, a bhfuil tionchar ag an bhfarraige agus ag na sléibhte uirthi.

Níl barra ar an tírdhreach atá múnlaithe ag na tosca sin (ní úsáidtear aon táirge cosanta plandaí agus níl aon speiceas plandaí ón taobh amuigh de Asturias) agus chuir sé ar chumas réimse leathan fásra milmheara a fhorbairt, rud a thugann saintréithe sonracha orgánaileipteacha áirithe don mhil a tháirgtear sa réigiún seo: tá mil ó limistéir shléibhtiúla dorcha, searbh, fiú blasta, le dea-bholaithe bláthacha, agus tá mil ó limistéir chósta níos glaine agus blas níos úire uirthi. Leis an meascán sin de bhlas, dea-bholadh agus saintréithe amhairc léirítear gur féidir éagsúlacht mhór plandaí milmheara a aimsiú laistigh d'achar gearr a bhuí leis an éagsúlacht atá san ithir, san aeráid agus sa phróifíl airde dá dtagraítear thuas (rud a chiallaíonn go mbeathaíonn beacha ó choirceog beach amháin ar raon de chineálacha éagsúla plandaí ag airdí áirithe).

I measc an iliomad speiceas plandaí a dtugann beacha cuairt orthu in Asturias, is iad seo a leanas na speicis is tábhachtaí i dtéarmaí na saintréithe sonracha a thugann siad do Miel de Asturias, liostaithe in éineacht leis na limistéir ina bhfaightear iad:

— Fine *Fagaceae*:

  — Is féidir *Castanea sativa* – castán — a fháil ar fud Asturias, áit ina bhfuil an pobal den speiceas sin is mó ar leithinis na hIbéire.

  — *Quercus* sp.: tá limistéir fhairsinge de choillearnach darach ann, lena n-áirítear an fhoraois darach is mó sa Spáinn, ceann de na foraoisí is fearr a chaomhnaítear san Eoraip.

— Fine *Ericaceae*:

  — Tá na speicis éagsúla den ghéineas *Erica* sp. flúirseach ar fud an réigiúin.

  — Tá pobal an-mhór ag Asturias de *Calluna vulgaris* (fraoch mór), óna bhfaightear mil shainiúil cosúil le glóthach.

  — *Arbutus unedo* – ós rud é go bhfuil an 'chaithne' comhchruinnithe sna háiteanna is grianmhaire sa réigiún, ciallaíonn sé sin go bhfuil an mhil aonbhlátha a thagann as sin éagsúil go leor leis na cineálacha eile a dhéantar in Asturias.

— *Fine Myrtaceae*:

  — Is féidir teacht ar fhoraoisí eocalaipe *Eucalyptus* sp. feadh an chósta agus i ngleannta abhann níos faide intíre. Tá tionchar suntasach ag an speiceas seo ar an mil áitiúil. In éineacht leis na plandaí eile as a ndéantar an mhil chósta, tugann sé próifíl chéadfach dóibh a idirdhealaíonn iad ó na cineálacha eile Miel de Asturias.

TOSCA DAONNA (CLEACHTAIS THRAIDISIÚNTA)

Baineann beachairí an lae inniu úsáid fós as na cleachtais shinsearacha a mbíonn mil uathúil mar thoradh orthu, atá tugtha ar aghaidh ó ghlúin go glúin: ní bheathaítear na beacha go saorga le linn mil a dhéanamh, eastósctar an mhil trí lártheifneoiriú, agus ní dhéantar aon chóireáil teasa ar an mil a d'athródh a saintréithe. Is é an úsáid modhanna traidisiúnta sin, mar aon le heolas fairsing ar an gcomhshaol áitiúil, a chuireann ar chumas na mbeachairí na cineálacha éagsúla meala ardchaighdeáin seo a fháil.

Thairis sin, fágtar le rilíf chasta Asturias go bhfuil sé deacair d'fheithiclí ar féidir leo coirceoga beach a iompar an chuid is mó de na beachlanna a bhaint amach. Mar thoradh air sin, agus mar gheall ar na béir dhonna (*Ursus arctos*) a ionsaíonn coirceoga beach, is gá bearta cosanta a dhéanamh, is beachlanna do-aistrithe iad na beachlanna agus is beag coirceoga beach a bhogtar ó áit amháin go háit eile. Is é an cleachtas traidisiúnta sin an fáth a dtugann limistéir éagsúla cineálacha éagsúla 'Miel de Asturias', ós rud é go dtáirgtear an mhil go heisiach ón bhfásra milmheara timpeall na beachlainne, rud a chuireann bac ar neachtar agus pailin ó lasmuigh den limistéar sin a bheith ann.

SAINIÚLACHT AN TÁIRGE

Léirítear tionchar na dtosca nádúrtha agus daonna sna saintréithe fisiceacha/ceimiceacha, orgánaileipteacha agus meileasapailineolaíocha a bhaineann le 'Miel de Asturias' agus a cineálacha éagsúla. Tugann saintréithe an chomhshaoil nádúrtha agus úsáid modhanna traidisiúnta na luachanna táscaire cáilíochta seo a leanas agus speictrim phailin shonracha do 'Miel de Asturias'.

— Léirítear i staidéir speictrim pailine ar 'Miel de Asturias' an difríocht idir é agus mil ina bhfuil pailin de speicis áirithe saintréitheacha de fhlóra milmheara, bídís fiáin nó saothraithe, a fhásann i limistéir gheografacha eile, lena n-áirítear labhandar (*Lavandula* sp.), ológ (*Olea europaea*), bláth oráiste (*Citrus* sp.), tím (Thymus*sp.*), lus na gréine (*Helianthus annus*) agus síol ráibe (*Brassica napus*).

— Tá luachanna ísle hiodrocsaimeitiolfúrfúral (HMF) mar shaintréith den táirge, luachanna a léiríonn úire agus modhanna táirgthe ar mionscála nach mbaineann teochtaí arda leo le linn eastósctha nó pacáistithe, próisis phaistéartha nó tréimhsí fada stórála. Mar thoradh air sin, tá leibhéil HMF is lú ná 30 mg/kg mar shaintréith de 'Miel de Asturias'.

— Léirítear le cion taise ísle mil a aibíodh i gceart. Ós rud é go n-úsáidtear modhanna neamhdhiana ar na feirmeacha meala, ní eastósctar an mhil go dtí go ndéantar céatadán mór de na cealla i bhfráma amháin a chaidhpeáil nó a shéalú. Tá cion taise na meala níos lú ná 18,5 %, seachas mil caithne, ar féidir luachanna suas le 20 % a bheith aici, agus mil fraoigh mhóir, ar féidir luachanna suas le 23 % a bheith aici.

COMHTHÉACS STAIRIÚIL

Mar thoradh ar mhodhanna beachaireachta traidisiúnta agus ar an bhfásra milmheara atá ann in Asturias, tá an mhil a tháirgtear anseo ar ardchaighdeán.

Ba í mil an t-aon mhilseoir a bhí ar fáil i sochaí tuaithe Asturias go dtí deireadh an 19ú céad. Chiallaigh sé sin gur tréimhse fhéiltiúil é an fómhair, agus an mhil á roinnt amach i measc mhuintir uile na sráidbhailte. Táirge mór le rá a bhí ann 'mar gheall ar an mblas milis a bhí uirthi agus ar na hairíonna íocshláinte a cuireadh ina leith' agus chuir tuismitheoirí coirceoga beach agus beachlanna san áireamh i spréanna a n-iníonacha nuair a phós siad, chomh maith le bheith tiomnaithe in uachtanna (J. López, 1989: *Las abejas, la miel y la cera en la sociedad tradicional asturiana* [Beacha, mil agus céir i sochaí thraidisiúnta Asturias], lch. 97).

Bhí mil ina comhábhar de mhiasa eile le fréamhacha áitiúla láidre, mar shampla *escaldao* (mias Nollag milis), *deventre dulce* (maróg líonta), *frisuelos* agus *foyuelos* (pancóga), a itheadh ag Shrovetide agus a chuireadh tuismitheoirí an linbh ar an mbord go traidisiúnta le haghaidh na tuismitheoirí baistí ag baisteadh (P. Gonzalez Solis y Cabal, *Memorias asturianas* [Cuimhní ar Asturias], lch. CXXIX).

Go traidisiúnta, ba ghníomhaíocht thánaisteach í an bheachaireacht in Asturias, a raibh ról tábhachtach aici lenarbh fhéidir le daoine a mbeathú a shaothrú ar an gcoillearnach áitiúil agus d'fhág sí a rian ar an tírdhreach i bhfoirm *talameiros/talameras* agus *cortinos*, dhá chineál tógála a dearadh chun coirceoga beach a chosaint ó bhéir agus ó chreachadóirí eile, a bhaineann go sonrach leis an ngníomhaíocht seo agus a bhfuil luach eitneagrafach mór acu (E. Díaz y Otero agus F. Javier Naves Cienfuegos, *Los colmenares tradicionales del noroeste de España* [Beachlanna traidisiúnta in iarthuaisceart na Spáinne].

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht áirithe, clú nó saintréithe eile an táirge (le haghaidh TGFC)

Bhí tionchar cinntitheach ag tír-raon éagothrom Asturias agus a ghaireacht don aigéan ar fhorbairt na beachaireachta in Asturias, rud a d'fhág gur féidir mil ilbhláthanna nó aonbhlátha a tháirgeadh sa limistéar. Dá bhrí sin, ó phlandaí milmheara an chósta agus na ngleannta agus báisíní íochtaracha aibhneacha Asturias tagann mil ómra éadrom arb iad is saintréithe di blas milis le blasanna aigéadachta agus bolaithe úra agus ina bhfuil speicis bhláthacha amhail *Eucalyptus* sp., *Salix alba*, *Malus* sp., *Centaurea debeauxii*, *Ligustrum* sp., *Lotus corniculatus*, *Rubus* sp. nó *Trifolium repens* ceannasach. Ó fhlóra milmheara fhoraoisí agus shléibhte Asturias, ar an taobh eile, ina bhfuil speicis bhláthacha amhail *Erica* sp., *Castanea sativa*, *Calluna vulgaris* nó *Arbutus unedo* ceannasach, tagann mil ómra dhorcha agus an-dorcha ar a bhfuil blasanna láidre seasmhacha agus bolaithe adhmadacha, créúla. Thairis sin, is é an toradh a bhíonn ar na modhanna traidisiúnta neamhdhiana a úsáideann na beachairí, a fhanann ar an aibíocht is fearr sula ndéantar an mhil a bhaint, mil ag a bhfuil cion taise níos ísle.

Léirítear é sin in asraonta miondíola, ós rud é go rabhthas in ann mil a tháirgtear in Asturias a dhíol faoin lipéad ‘Alimentos del Paraíso Natural’ [Bia ó Pharthas Nádúrtha] ó bhí 2008 ann. Tá roinnt gradam agus duaiseanna buaite ag an mil sin as a cáilíocht den scoth: tugadh onóir do mhil darach, foraoise agus caithne ag Gradaim Mil Londan 2021, do mhil eocalaipe ag Gradaim Bianna Mheiriceá 2021 agus do mhil caithne ag Comhdháil Náisiúnta Beachadóireachta na Spáinne 2018, agus do mhil fraoigh agus mil castáin ag Comhdháil Náisiúnta Beachadóireachta na Spáinne in 2016.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://run.gob.es/wzoMielAstur